C/2026/131

12.1.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/131)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis'

Uimh. Thagartha an Aontais: PDO-GR-0445-AM01 — 13.10.2025

1. **Ainm an táirge**

'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Ghréig

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Forbartha Tuaithe agus Bhia, an Stiúrthóireacht um Scéimeanna Cáilíochta agus Feirmeoireacht Orgánach.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach iad na leasuithe uile sa teachtaireacht ar shonraíocht táirge 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis', ós rud é nach féidir a mheas gur leasú ar leibhéal an Aontais iad, ós rud é nach dtagann siad faoi aon cheann de na coinníollacha a áirítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Is é sin, níl an méid seo a leanas i gceist leo: modhnú ar an ainm nó úsáid an ainm nó an baol go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní nó srianta breise ar mhargú an táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

MODH TÁIRGTHE

Tuairisc

Leasaíodh Roinn 5, 'Modh táirgthe', den tsonraíocht táirge, go sonrach sa mhír maidir le teicneolaíocht mhonaraíochta an táirge, cuireadh an frása seo a leanas: 'déantar na cáiseanna a aibiú i seomraí ina bhfuil bogthaise choibhneasta ard, thart ar 85 %, agus teocht suas le 16 °C ar feadh 3 mhí ar a laghad' in ionad an fhrása seo 'déantar na cáiseanna a aibiú i seomraí ina bhfuil bogthaise choibhneasta ard, thart ar 85 %, agus teocht 12-16 °C ar feadh 3 mhí ar a laghad'.

Is é an fáth a n-iarrtar an leasú seo go bhfuil feabhas mór tagtha ar theicneolaíocht nua-aimseartha, ar na dálaí (dálaí paistéartha agus cobhsaí le haghaidh táirgthe, feabhsú cáilíochta ar bhainne amh etc.) agus ar na saothráin aigéid lachtaigh atá á n-úsáid ó thráth an iarratais bunaidh.

Go háirithe, leis an úsáid a bhaintear sa lá atá inniu ann as modhanna agus uirlisí nua-aimseartha agus go háirithe saothrán aigéid lachtaigh a úsáid chun pH na cáise a laghdú, is féidir an cháis a aibiú níos tapúla. Is é an toradh a bhíonn air sin go gcobhsaítear na cáiseanna i dtréimhse ama atá ar eolas ag gach táirgeoir, ag brath ar na saothráin aigéid lachtaigh a úsáideann siad agus ar na teochtaí is iomchuí don tréithchineál miocróbach gníomhach bunaidh nó do na tréithchineálacha miocróbacha gníomhacha bunaidh a úsáidtear. Dá bhrí sin, agus iarracht á déanamh acu aibíocht iomarcach a sheachaint, rud a chuirfeadh blasanna diana ar na cáiseanna tar éis an t-aibiú a chur i gcrích, is mian leis na táirgeoirí cur isteach ar aibiú dian trí theochtaí níos ísle a úsáid. Ní athraítear an próiseas aibithe ag teochtaí níos ísle ná an teorainn is ísle 12 °C a luaitear go docht. Leanann sé ar aghaidh ar ráta difriúil, áfach. Leanann aibiú na cáise ar aghaidh sa chuisneoir agus déantar an tseiceáil ar chríochnú an aibithe trí shaintréithe fisiceacha agus ceimiceacha a thomhas (amhail an aigéadacht ghníomhach, i.e. pH). Níl sé nasctha go docht leis an teocht aibithe amháin.

Cúis eile leis an leasú atá á iarraidh is ea gur éascaíodh forbairt múscáin ar na cáiseanna leis na teochtaí aibithe a leagtar síos sa tsonraíocht táirge bhunaidh, rud a d'fhág go raibh éilliú ann. Tharla an fhadhb sin i seomraí aibithe nua-aimseartha ina n-úsáidtear ciorcaid aeir iata. Mar sin féin, ní raibh córais den chineál sin i bhfeidhm ag saoráidí níos sine.

Ar na cúiseanna sin, meastar gur gá an raon teochta le haghaidh aibiú cáise a leasú maidir leis an íosluach.

Ní dhéanann an leasú atá beartaithe difear do shaintréithe fíor-riachtanacha an táirge deiridh. Fanann siad mar an gcéanna leo siúd a leagtar síos sa tsonraíocht táirge bhunaidh. Léirítear é sin go sonrach le turgnamh a rinneadh ar 60 sampla cáiseanna a raibh an t-ainm 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης/Ladotyri Mytilinis' orthu. Rinneadh leath díobh a aibiú ag teochtaí idir 12 °C agus 16 °C, agus rinneadh na samplaí a bhí fágtha a aibiú ag teochtaí laistigh den raon teochta (faoi bhun 16 °C) a iarradh leis an leasú. Fuarthas amach nach raibh aon difríocht ann maidir le tábhacht staidrimh i bpríomh-shaintréithe an táirge, tar éis sailleadh agus cobhsú pH na samplaí cáise.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

MODH TÁIRGTHE

Tuairisc

Leasaíodh Roinn 6(I), Teicneolaíocht mhonaraíochta, den tsonraíocht táirge, go sonrach sa mhír maidir le teicneolaíocht mhonaraíochta an táirge, cuireadh an frása seo a leanas: 'Tá na múnlaí sorcóireach, tá bunanna acu, agus tá siad fite ó luachra nó ó phlandaí fiáine eile de chuid an oileáin nó ó ábhar eile atá oiriúnach chun teagmháil a dhéanamh le bia' in ionad na habairte 'Tá na múnlaí sorcóireach, tá bunanna acu, agus tá siad fite ó luachra nó ó phlandaí fiáine eile de chuid an oileáin.'

Baineann an leasú a iarradh le modh táirgthe cháis 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis', go háirithe na hábhair a úsáidtear chun na múscáin a dhéanamh. Cuireadh isteach an fhéidearthacht ní hamháin ábhair nádúrtha a úsáid ach ábhair eile freisin atá oiriúnach chun teagmháil a dhéanamh le bia, arna n-údarú le reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais.

Ní dhéanann an leasú atá beartaithe difear do shaintréithe fíor-riachtanacha an táirge deiridh. Fanann siad mar an gcéanna leis na cinn a leagtar síos sa tsonraíocht táirge bhunaidh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cruthúnas tionscnaimh

Tuairisc

Leagtar amach i Roinn 4 den tsonraíocht táirge na ceanglais nach mór a chomhlíonadh maidir le cruthúnas tionscnaimh. Leis an leasú seo, níl aon athrú ábhartha ar an tsonraíocht táirge, ach tugadh an tsonraíocht táirge cothrom le dáta i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Luaitear freisin sa tsonraíocht táirge, chun inrianaitheacht a áirithiú, go bhfuil na fiontair in ann an méid seo a leanas a shonrú: (a) soláthróir, cainníocht agus tionscnamh na mbaisceanna amhábhar uile agus/nó na dtáirgí a sholáthraítear; b) faighteoir, cainníocht agus ceann scríbe na dtáirgí a sholáthraítear; c) an comhghaol idir gach baisc ionchur dá dtagraítear i bpointe (a) agus gach baisc aschur dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

LEASUITHE AR AN BHFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Athruithe riaracháin sa limistéar geografach:

Tugadh an limistéar geografach sainithe cothrom le dáta i gcomhréir le ranna riaracháin reatha chríoch na Gréige, gan aon athrú ar an limistéar sainithe. Is é is cuspóir don leasú seo tuairisc a thabhairt ar an limistéar sainithe sa tsonraíocht táirge trí úsáid a bhaint as na rannáin riaracháin atá i bhfeidhm faoi láthair (Plean Kallikratis). Is amhlaidh atá toisc go ndearnadh athchóirithe riaracháin sa Ghréig ó cláraíodh ainm an táirge ar dtús.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

LEASUITHE AR AN BHFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Comhlachtaí cigireachta:

Tugadh an pointe áirithe sin cothrom le dáta, i gcomhréir leis an gcreat institiúideach atá ann faoi láthair. Cuireadh an t-údarás cigireachta inniúil, ar a dtugtar ELGO-DIMITRA anois, isteach freisin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

LEASUITHE AR AN BHFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Faisnéis staitistiúil:

Tugadh na heilimintí meitéareolaíocha cothrom le dáta. Cuirtear sonraí atá cothrom le dáta i láthair maidir le dáileadh líon na gcaorach agus líon na ngabhar a tháirgeann bainne, de réir an chineáil tógála, i limistéar táirgthe sainithe an táirge, agus cuirtear na sonraí sin in ionad na sonraí sa tsonraíocht táirge bhunaidh a bhaineann leis an mbliain 1991. Is é is cúis leis an leasú a iarradh staidreamh atá cothrom le dáta a chur ar fáil sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’

Uimh. Thagartha an Aontais: PDO-GR-0445-AM01 — 13.10.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Ghréig

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 - Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis chrua í ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης/Ladotyri Mytilinis’ a bhfuil blas goirt, dea-bholadh deas agus cruth sorcóireach cabhartha sainiúil uirthi.

Go traidisiúnta, táirgtear í ó bhainne caorach nó ó mheascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair i gcóimheas nach mó ná 30 % ar an iomlán an meascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair.

Is iad seo a leanas buntréithe na cáise ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης/Ladotyri Mytilinis’:

Comhdhéanamh ceimiceach:

— Bogthaise uasta: 38 %

— An t-íoschion saille in ábhar tirim: 40 %

Breiseáin cheadaithe agus áiseanna próiseála:

— Fíor-riachtanach: clóiríd sóidiam

— Roghnach:

(a) Clóiríd chailciam suas le 20 g in aghaidh 100 kg bainne

(b) Leasaithigh: ní cheadaítear leasaithigh a úsáid

(c) Dathúcháin: ní cheadaítear dathúcháin a úsáid

An cineál cáise: cáis chrua

Cruth: sorcóireach

Toisí: bíonn an trastomhas 10 cm de ghnáth agus bíonn an airde 10 cm de ghnáth freisin.

Meáchan: suas le thart ar 1,5 kg

Craiceann

— Raimhre: crua, tirim

— Cuma: ag a bhfuil patrún cabhartha saintréitheach

Mais cháise:

— Uigeacht: crua agus súile beaga scaipthe ar fud na maise

— Dath: bán go bán scothbhuí

— Súile atá dáilte go neamhrialta agus cruth neamhrialta orthu.

Ní cheadaítear dathúcháin, antaibheathaigh ná leasaithigh a úsáid sa cháis.

Cuirtear an táirge ar fáil ina iomláine nó i sciartha.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ní mór don bhainne a úsáidtear chun cáis 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis' a tháirgeadh na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

Ní mór an bainne a bheith de thionscnamh oileán Lesbos.

An cineál bainne: bainne íon ó chaoirigh nó meascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair i gcás nach mó ná 30 % den iomlán an meascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair.

Ceanglais: ní mór an bainne a bheith de thionscnamh pórtha gabhar agus caorach a phóraítear go traidisiúnta agus a chuirtear in oiriúint do limistéar táirgeachta na cáise 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης/Ladotyri Mytilinis', agus is iad caoirigh Mytilini an pór ceannasach. Ina theannta sin, ní mór a n-aiste bia a bheith bunaithe ar fhlóra an limistéir sin.

Ní mór an bainne a bheith ar ardchaighdeán, amh nó paistéartha agus ní mór cáis a dhéanamh de 48 n-uair an chloig ar a dhéanaí tar éis an phróisis bleáin. Go dtí go ndéantar téachtadh, ní mór é a choinneáil i ndálaí teochta rialaithe i gcomhréir le forálacha dlíthiúla. Ní mór é a bheith de thionscnamh bleáin a tharlaíonn 10 lá ar a laghad tar éis na breithe.

Ní cheadaítear cáis 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis' a tháirgeadh ag a bhfuil cineál bainne atá éagsúil leis an gcineál bainne atá bunaithe thuas. Níor cheart an bainne a úsáidtear chun cáis 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis' a tháirgeadh a bheith tiubhaithe ná níor cheart bainne púdraithe, próitéiní bainne, cáiséanáití, dathúchán, leasaithigh ná antaibheathaigh a bheith curtha isteach leis.

Féadfar binid thraidisiúnta nó einsímí eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu a chur leis an mbainne a úsáidtear chun cáis 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis' a tháirgeadh. Nuair a dhéantar an bainne a phaistéaradh, cuirtear saothráin baictéar aigéadach neamhdhíobhálach agus clóiríd chailciam isteach leis, i méideanna suas le 20 g/100 kg bainne.

Braitheann beathú na gcaorach agus na ngabhar beagnach go heisiach ar fhéaraigh a bhfuil acmhainneacht innilte íseal acu de ghnáth ach atá lán le flóra. Is i limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla go príomha a thógtar caoirigh agus gabhair. Déantar iad a bheathú go príomha trí innilt. Aistrítear na tréada le linn na tréimhse te chuig féaraigh i limistéir shléibhtiúla.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar táirgeadh, aibiú agus pacáistiú tosaigh na cáise 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis' i saoráidí atá suite ar oileán Lesvos.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú sliseadh, grátáil, etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chun inrianaitheacht an táirge deiridh a áirithiú, ní mór na sonraí aitheantais seo a leanas a phriontáil ar phacáistíocht 'Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis':

1. Na chéad litreacha den ainmniúchán tionscnaimh: ΛΑ-ΜΥ

2. Sraithuimhir na pacáistíochta agus

3. Dáta an táirgthe. Mar shampla: ΛΑ-ΜΥ-1650-20.12.94

Má dhéantar cáis ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’ a athphacáistiú, beidh sonraí ón bpacáistíocht bhunaidh le feiceáil ar an bpacáistíocht nua. Féadfaidh an t-athphacáisteoir sraithuimhir na pacáistíochta nua a chur in ionad na sraithuimhreach. Ina theannta sin, tá dáta an athphacáistithe agus sonraí na cuideachta atá freagrach le feiceáil ar an bpacáistíocht nua.

Ní mór don údarás cigireachta inniúil na sonraí nach mór a bheith ar an bpacáistíocht a sheiceáil.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Sainítear an limistéar geografach ina dtáirgtear cáis ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’ le teorainneacha geografacha oileán Lesbos (ar a dtugtar Mytilini freisin) in aonad réigiúnach Lesbos, réigiún riaracháin na Mara Aeigéiche Thuaidh.

Ní cheadaítear bainne a thagann ó limistéir lasmuigh den limistéar thuasluaite a úsáid chun ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’ a tháirgeadh.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Tá nasc an táirge leis an limistéar sainithe bunaithe go príomha ar cháilíocht na n-amhábhar atá á n-úsáid chun é a tháirgeadh: bainne íon caorach nó meascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair. Tá nasc ann freisin leis an teicneolaíocht mhonaraíochta a chuirtear i bhfeidhm, rud atá i gcomhréir leis na modhanna traidisiúnta déanta cáise.

Is oileán Aeigéach Thuaidh é Lesbos a bhfuil achar dromchla 1 630 km² aige, rud a fhágann gurb é an tríú hoileán is mó sa Ghréig é de réir achar dromchla. Tá an tír-raon bruthach. Is de chineál oileáin é struchtúr an tír-raoin, le sraith rialta d’fhánaí géara nó an-ghéar, rud a chruthaíonn ísealchríocha sna limistéir chósta. Tá an t-oileán leathshléibhtiúil agus is é 965 mhéadar an pointe is airde (mullach Profitis Ilias). Tá cuid mhór d’achar dromchla an oileáin sna féaraigh.

Go ginearálta, tá aeráid de chineál na Meánmhara sa Ghréig. Léiríonn sé sin saintréithe a bhaineann le haeráid mheasartha le linn an gheimhridh, agus saintréithe na limistéar fothrópaiceach ardbhrú le linn an tsamhraidh. Is é sin le rá, bíonn na geimhrí fliuch agus bíonn na samhraí tirim, bíonn báisteach bhliantúil íseal ann, bíonn geimhrí séimhe, samhraí teo agus tréimhsí fada gréine ann i rith na bliana, go háirithe le linn thréimhse the na bliana. Bíonn na geimhrí sa limistéar sainithe séimh agus bíonn na samhraí measartha fionnuar. Is é is cúis leis sin na gaotha thoir thuaidh (ar a dtugtar an ‘Meltemi’) a bhíonn ann den chuid is mó le linn thréimhse an tsamhraidh ar oileáin na Mara Aeigéiche.

Tá flóra nádúrtha na Gréige comhdhéanta de thart ar 6 000 speiceas a bhfuil 15 % díobh, nó fiú 20 % díobh, eindéimeach. D’éirigh go maith le heindéim an fhlóra sa Ghréig i ngnáthóga iargúlta den chuid is mó, amhail an réigiún Aeigéach. Leis na hoileáin Aeigéacha, Lesbos san áireamh, cuireadh bealach mór ar fáil chun speicis plandaí eindéimeacha a aistriú de réir a chéile go dtí an Ghréig ón oirthear, mar gheall ar ghaireacht plandaí de thionscnamh na hÁise Bige. Ar na hoileáin Aeigéacha, tá scrobarnach forleathan. Déantar tagairt shonrach do fhlóra na línte cladaigh, atá measartha aonchineálach mar gheall ar chineál aonchineálach na haeráide agus dáileadh leathan go leor speiceas. Chuir na taoidí laga, an easpa aibhneacha móra agus tosca eile teorainn leis an éagsúlacht. I gcás caorach agus gabhar, is iad léagúim agus féara na speicis is fearr le haghaidh innilte.

Tá cúlra géiniteach coiteann ag na caoirigh a thógtar ar Lesbos, agus sa Ghréig ar bhonn níos ginearálta, den chuid is mó. Bíonn a saintréithe éagsúil, áfach, ag brath ar dhálaí ar leith an limistéir ina dtógtar iad. Is ainmhithe beaga iad, atá oiriúnaithe do dhálaí crua geoifisiceacha agus aeráide an réigiúin, a tháirgeann leibhéil ísle bhainne, 80-120 kg in aghaidh na bliana, ach bainne breá ar ardchaighdeán. Is é is cúis leis sin go príomha an chaoi a dtógtar na hainmhithe agus éagsúlacht fhlóra an réigiúin.

Is é an pór caorach áitiúil Mytilini an pór ceannasach ar Lesbos. Maidir le gabhair, tá an chuid is mó de líon na ngabhar comhdhéanta de phórtha áitiúla. Tá éagsúlacht ag baint le gabhair dhúchasacha a mhéid a bhaineann le dathúchán agus saintréithe pórtha dúchasacha, amhail méid beag, sliochtmhaireacht theoranta, táirgeadh íseal bainne agus comhdhéanamh láidir. Tá an táirgeadh bliantúil bainne idir 50-100 kg bainne le haghaidh na n-ainmhithe ó limistéir shléibhtiúla, agus idir 120-150 le haghaidh na n-ainmhithe ó limistéir ísealchríche. Sna limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla, is ar shaorinnilt amháin a thógtar na gabhair áitiúla.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe na feirmeoireachta caorach agus gabhar sa limistéar seo: an líon mór gabháltas beostoic agus an líon beag ainmhithe in aghaidh an ghabháltais; na pórtha dúchasacha caorach agus gabhar, atá oiriúnaithe go maith do na príomhdhálaí crua geoifisiceacha agus aeráide, ach a bhfuil tál beag bainne acu; agus leitheadúlacht an chórais tógála fairsinge caorach agus gabhar i limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla den chuid is mó. Tá tógáil na gcaorach agus na ngabhar bunaithe go príomha ar fhéaraigh a bhfuil acmhainneacht innilte sách íseal acu ach a bhfuil neart flóra ann, agus ar ghluaiseacht tréada chuig féaraigh shléibhtiúla le linn na tréimhse te.

I dtéarmaí cháilíocht na n-amhábhar, tá difríocht mhór idir bainne caorach agus bainne gabhair agus bainne bó, maidir le comhdhéanamh ceimiceach agus airíonna déanta cáise araon. Tá an t-idirdhealú sin níos soiléire fós i gcás na bpórtha áitiúla, dúchasacha agus ísealtáirgeachta atá forleathan sa Ghréig. Mar gheall ar na dálaí aeráide speisialta atá ann agus cineál geoifisiceach an fhlóra, is saintréith de na pórtha sin táirgeadh bainne le cion soladach an-ard agus dea-bholadh an-láidir.

Go ginearálta, saintréith de bhainne caorach agus de bhainne gabhair is ea cion ard próitéine, saille agus ábhair thirim i gcomparáid le bainne bó. Bíonn tionchar aige sin ar tháirgeacht agus ar airíonna na cáise.

Ach seachas na difríochtaí cainníochtúla, tá difríochtaí cáilíochtúla ann freisin idir na cineálacha bainne a dhéanann difear don táirgeacht i gcáis, chomh maith le tréithe meicniúla, agus fisiceacha agus ceimiceacha, agus tréithe orgánaileipteacha cháis ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’. Is iad seo a leanas na difríochtaí is suntasaí:

(a) níl caraitéiní i mbainne caorach agus gabhar. Mar thoradh air sin, tá dath bán nádúrtha ar an ngruth a tháirgtear ó na bainní sin, murab ionann agus an gruth a tháirgtear ó bhainne bó a bhfuil dath scothbhuí air.

(b) Is foinse comhpháirteanna í an tsaill bhainne a chuireann go mór le dea-bholadh agus blas na cáise aibí a chruthú. Nuair atá aigéid shailleacha ísealmheáchain mhóilínigh i struchtúr saille an bhainne, déanann siad difear do dhea-bholadh deiridh na cáise. Tá méideanna móra de chapróáit, d’aigéad capraileach agus d’aigéad capróch i mbainne caorach, agus i mbainne gabhair go háirithe, ionas go mbeidh dea-bholadh tipiciúil na cáise a tháirgtear ó na cineálacha bainne sin níos láidre agus go mbeidh an blas níos déine (goinbhlasta), rud nach mbaintear amach má úsáidtear bainne bó.

(c) Tá difríochtaí cainníochtúla agus cáilíochtúla freisin sna codáin cháiséine sna trí chineál bainne, agus mar thoradh air sin tá difríocht idir na táirgí hidrealaithe. Tá na táirgí sin, mar aon le saoraigéid shailleacha, freagrach den chuid is mó as saintréithe blais na cáise.

(d) is díol spéise ar leith í soghluaisteacht leictreafóiréiseach cáiséine $alfa_{s1}$ sna trí chineál bainne. Is tréith é a fhágann gur féidir aon tanú leis na cineálacha eile bainne a bhrath.

Ar ndóigh, bíonn tionchar ag na difríochtaí sin i gcomhdhéanamh ceimiceach bainne ar thréithe fisiceacha agus ceimiceacha agus orgánaileipteacha cháis ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’.

Is cáis chrua í ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης/Ladotyri Mytilinis’ a bhfuil blas goirt, dea-bholadh deas agus patrún cabhartha sainiúil uirthi. Go traidisiúnta, táirgtear í ó bhainne caorach nó ó mheascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair i gcóimheas nach mó ná 30 % ar an iomlán an meascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair. Is é is cúis go príomha le saintréithe cáilíochta cháis ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’ cáilíocht an amhábhair a úsáidtear chun í a dhéanamh agus an teicneolaíocht déanta cáise a úsáidtear.

Bhí forbairt na feirmeoireachta caorach agus gabhar ar Lesbos, mar atá sa chuid eile den Ghréig, agus a teacht chun cinn ó bhí an tseanré ann mar phríomhchineál feirmeoireachta déiríochta, cineál eisiach fiú i roinnt réigiún, mar thoradh ar dhálaí sonracha geoifisiceacha agus aeráide na tíre, nach bhfuil fabhrach d’fhorbairt na feirmeoireachta tréada. Ba iad an cion ard limistéar sléibhtiúil agus na dálaí aeráide tirime agus teo, nach bhfuil i bhfabhar fásra nádúrtha ach amháin le linn tréimhsí áirithe réasúnta gearr den bhliain, na príomhthosca cinntitheacha. Ba é an toradh a bhí air sin forbairt pórtha caorach agus gabhar le comhdhéanamh láidir agus inoiriúnaitheacht láidir do na dálaí crua sin.

Tá na pórtha caorach agus gabhar sin oiriúnaithe do na dálaí nádúrtha, agus tairbhíonn siad d’fhéaraigh ag a bhfuil éagsúlacht mhór flóra atá uathúil mar gheall ar an líon speiceas fásra eindéimigh. Is comhartha sóirt de chuid na gcaorach agus na ngabhar é a dtáirgeadh íseal bainne ach bainne freisin a bhfuil comhdhéanamh ceimiceach an-láidir agus tréithe orgánaileipteacha den scoth aige. Mar thoradh ar cháilíocht an bhainne caorach agus gabhair, mar aon le taithí na gcáiseoirí, tá sraith cáiseanna míne ann, lena n-áirítear ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’.

Saintréith thábhachtach d’fhéaraigh shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla ar Lesbos is ea an easpa luibhicídí, lotnaidicídí, fiailnimheanna, feithidicídí etc. Idir an dá linn, tá tiúchan luaidhe agus truailleáin eile an-íseal mar gheall ar easpa mórbhóithre sna limistéir sin. Mar thoradh ar easpa substaintí den sórt sin sa timpeallacht agus mar gheall ar an bhflóra ar a mbeathaíonn caoirigh agus gabhair ó na limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla go heisiach, is beag éilliú atá sa bhainne agus sa cháis a tháirgtear ann i gcodarsnacht leis an méid a tharlaíonn le bainne ainmhithe a bheathaítear le beatha ainmhithe saothraithe.

Is cáis thraidisiúnta í ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’ a cruthaíodh agus a forbraíodh ar Lesbos. Tá sí á táirgeadh go leanúnach le blianta fada anuas, go príomha ó bhainne caorach nó ó mheascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair. Itear an táirge go forleathan sa Ghréig agus tá ithe per capita suntasach ar an margadh áitiúil. Tá dea-cháil bainte amach ag an gcáis thraidisiúnta sin ó Lesbos, a bhfuil cruth ar leith uirthi agus tréithe orgánaileipteacha sainiúla inti, ó bhí tús na haoise seo caite ann, agus tá an dea-cháil sin scaipthe anois chuig an gcuid eile den Ghréig freisin,

Fuair ‘Λαδοτύρι Μυτιλήνης / Ladotyri Mytilinis’ a hainm (‘ladotyri’: cáis atá leasaithe in ola) ón modh stórála agus caomhnaithe. Bhíodh sí á stóráil in ola olóige, ar a dtugtar ‘ladi’ de ghnáth. Tá cáil ar leith ar oileán Lesbos mar gheall ar tháirgeadh agus ar cháilíocht a ola olóige.

Tagairt leictreonach (url) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.minagric.gr/images/stories/docs/agrotis/POP-PGE/2021/prodiagrafes_ladotyri_mytilinis190225.pdf